# NCCA

## Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

Sonraí aonair.

| |
|---|
| Ainm: Mícheál ÓRaghallaigh |
| Dáta: 29/12/2020 |
| Ríomhphost: |

Sonraí na heagraíochta

| |
|---|
| Ainm: Conradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. |
| Post: Cisteóir |
| Eagraíocht: Conradh na Gaeilge, Coiste Dúiche Chiarraí. |
| Dáta: 29/12/2020 |
| Ríomhphost: |

Foilsíodh an CNCM na haighneachta scríofa a chuirtear chucu le linn na chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine/ an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht a bheith foilsithe ar líne?

Toilim [x] Ní thoilim [ ]

Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht(más cuí).

| |
|---|
| Conradh na Gaeilge, bunaithe 1893, Eagraíocht deonach. |

Roinn 1.

A Chara,

Líon uaireanta do mhúineadh na gaeilge agus do mhúineadh an béarla.

B’fhearr liom an ‘status quo’ a choinneáil ach má caithfimíd rogha a dhéanamh b’fhearr Rogha a 3, atá luaite sa cháipéis. Mar gheall ar an triú teanga níl an taithí ná an saibhreas teanga ag an cuid is mó de na múinteóirí. Mar sin, molaim go gcaithidís tosnú as an nua leis an teanga Gaeilge, agus é a mhúineadh go gairmiúl. Is é sin, a mhúineadh de réir an Syntax, na cúig díochlaonadh, abairtí firinsinsceanach agus bainiscineach srl. Beidh sé an deacair tosnú as an nua le teanga eile gan aon bhunús ón teanga dúchais na hÉirinn. Tá an t-ádh mór orainn sa tír seo go bhfuil sé riachtanach ar gach scoil, sa Phoblacht, ar a laghad, cumas maith a bheith acu ar an Gaeilge taobh amuigh den Béarla. Ar mór roinn na h-Eorpa níl aon deacrachtaí foghlamtha acu le teangacha taobh amuigh den a theanga dúchais féin. An toradh amháin a bheith le ‘Brexit’ ná beidh níos mó caidhreamh idir Éireann agus An bhFrainc, An Spáinn srl. Má tá cumas maith agat ar teanga Gaeilge, sa sampla seo, tá sé ráite go bhfuil sé níos fuiriste an triú teanga a phiocadh suas. Caithfimíd treabhadh ar aghaidh leis na h-achmhainní atá againn.

Roinn 2.

Ar solúbthacht múineadh na Gaeilge níl aon freagra agam air, níl agam ach mo taithí féin agus an tréan iarracht atá déanta agam chun snas a chur ar mo chuid gaeilge.

Mo thuairimí féin. Cad é an tábhacht nó an buntáiste ar teanga Gaeilge a bheith ar a thoil agat? Níl fhios agam cén fáth ach árdaíonn sé mo chroí nuair a cloisim amhrán a casadh nó scéal a reacaireacht as gaeilge. Is mian liom gach focail a thuiscint. Tá focail le fáil san gaedhilg nách bhfuil le fáil in aon teanga eile ar domhain. An bhfuil sé tábhachtach an seod seo a choimeád? Tá sé deacair gaeilge a fhoghlaim, tá sé deacair gaeilge a mhúineadh, ach tá buntáiste mór ag baint leis. Is teanga linn féin é. Is ‘eochair’ don tsean-shaoil é agus an saol nua atá amach romhainn. Níl sé simplí. Oibríonn sé do cloigeann. Ach tá fadhb ann. Muna bhfaighfeá an bun-chloch san gaeilge nuair a bhíonn tú óg ní éireóchtá leat teacht air ina dhiaidh. Tá draíocht ag baint leis an teanga, an amhránaíocht agus leis an cheoil. Gan an córas oideachais a bhí i bhfeidhm agus mé ag fás aníos bheadh an gné sin do mo oidhreacht fágtha sa bhfód.

Focal scoir. Táim an-bhuíoch do gach duine a dhein a ndícheall chun an gaeilge a chur chun cinn gan buíochas ó a lán daoine. Níl an córas oideachais ann chun rudaí simplí a mhúineadh. I mo thuairimse, i dtaobh na h-aidhmeanna agus na féidireachtaí atá ann do gach scoláire, tá dualgas orainn go léir chun na h-uirlisí cheart a chur i láimhe gach scoláire chun a spriocanna féin a bhaint amach. Níl aon dabht ach is mór an dúshlán atá i gceist. Baineann an córas oideachais le gach duine beo sa tír, seachas múinteóirí, scoileanna agus an roinn oideachais.

Tá dualgas orainn go léir ár n-oidhreacht gaeilge a thabhairt slán don chéad ghlúin eile.  Muna glactar a lán des na daoine leis, ar a  laghad  fuair siad an t-ionsparáid agus an t-eolas.

Scéal  beag.  Le déanaí chuala mé scéal le déanaí faoi teach altranais i ndeisceart na tíre.  Roimh briseadh amach an covid uafásach seo bhí deis ag daoine a bhí ag fulaingt le néaltrú seanaoise (dementia) buaileadh isteach ann do gach lá, cúpla uair sa lae.  Is mór an faoiseamh do na cúramóirí a bhí ag tabhairt cúram orthu gach lá.

Ach an rud is iontaisí a thárla ann, nuair a bhuail siad leis na  cónaitheóirí a bhí istigh ann, do thosnuigh siad ag canadh amhráin a d'fhoghlaim siad san  scoil náisiúnta blianta fada roimhe.  Chuir sé iontas ar gach duine a bhí féachaint orthu nách raibh aon easpa cuimhne ag na daoine ar na chéad rud a d'fhoghlaim siad  ar scoil.  Ag an am sin bhí na bun-leabhair ar nós 'Neidím', 'An Tóirse' (Máire Ní Ghráda) srl á mhúineadh i gach scoil náisiúnta..

Focail buíochas.  Go raibh maith agaibh as aimsear chun mo thuairimí a nochtadh.  Go n-éirí libh.